
## Tuarascáil Riosca Oifige – Samhain 2021

Tá próiseas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an Oifig, agus coiste bainistíochta riosca (RMC) aici ina bhfuil an triúr stiúrthóirí a dhéanann maoirseacht ar an bpróiseas. Tagann RMC le chéile gach ráithe agus déanann sé measúnú ar an dul chun cinn maidir le bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí a thaifeadtar ar chlár rioscaí na hOifige agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn.

Mar chuid den phróiseas bainistíochta riosca laistigh den Oifig, foilsíonn RMC an clár rioscaí corparáideacha ar an Idirlíon gach ráithe ina leagtar amach na 10 riosca is mó a léirítear ar ‘theasléaráid déine’ riosca. Is iad sin na rioscaí ‘iarmharacha’, agus rialuithe maolaitheacha curtha san áireamh. Tá míniú achomair ar gach riosca sa tábla atá i gceangal leis seo. Tá measúnú foriomlán RMC ar an dul chun cinn i mbainistiú na rioscaí a rátáiltear mar ‘ard’ tugtha sa roinn ‘conclúidí’.




MEÁNACH

| Rangú | Riosca |
|---|---|
| 1 | Ganntanas foirne agus d’fhéadfadh nach n-uasmhéadófaí an acmhainneacht reatha foirne |
| 2 | Impleachtaí don Oifig mar thoradh ar fhorálacha ábhartha atá i reachtaíocht atá ar feitheamh |
| 3 | D’fhéadfadh páirtithe leasmhara a mheas nach leor spriocanna deimhniúcháin agus leibhéal an aschuir tuairiscithe |
| 4 | D’fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag acmhainneacht cliant ar a gcumas iniúchtaí agus scrúduithe a éascú |
| 5 | D’fhéadfadh iompar míréasúnta gearánach tionchar diúltach a imirt ar an bhfoireann agus ar an lucht bainistíochta |
| 6 | Sláinte agus sábháilteacht foirne mar gheall ar obair ón mbaile thar thréimhse fhada agus riachtanais níos casta |
| 7 | Coinneáil agus eisiúint mhíchuí sonraí |
| 8 | Córais TFC neamhéifeachtacha as a dtiocfaidh neamhábaltacht ár ngnó a oibriú nó a bhainistiú go héifeachtach |
| 9 | An baol nach ndéanfar an t-athrú chuig timpeallacht oibre cumaisc a bhainistiú go leordhóthanach |
| 10 | Nochtaí a rinneadh leis an Oifig nár tugadh freagra cuí orthu |

### Conclúidí ó RMC

Rinne RMC athbhreithniú ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le rioscaí a bhainistiú mar a leagtar amach sna gníomhaíochtaí láimhseála riosca agus bhreithnigh sé rioscaí atá ag teacht chun cinn agus a tuairiscíodh. Níor tuairiscíodh aon rioscaí ar an gcóras tuairiscithe riosca.

Is é conclúid fhoriomlán RMC i mí na Samhna 2021 go mbaineann na trí riosca iarmharacha is mó atá roimh an Oifig anois le saincheisteanna acmhainnithe agus acmhainneachta, impleachtaí na bhforálacha atá i reachtaíocht atá ar feitheamh agus ionchais na bpáirtithe leasmhara maidir le tráthúlacht iniúchóireachta agus leibhéal an aschuir tuairiscithe.

Laghdaíodh an riosca a bhaineann le neamhchomhlíonadh ceanglas rialála (corparáideach) agus níl sé i measc na ndeich riosca is mó a thuilleadh, mar gheall ar na rialuithe gaolmhara a neartú arís eile.